GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

Ní bhíonn éifeacht dhlíthiúil ach ag téacsanna bunaidh UNECE faoin dlí poiblí idirnáisiúnta. Ba cheart stádas agus dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a sheiceáil sa leagan is déanaí de dhoiciméad stádais TRANS/WP.29/343 UNECE, doiciméad atá le fáil ag: *https://unece.org/status-1958-agreement-and-annexed-regulations*

Rialachán Uimh. 92 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú córas ionaid neamhbhunaidh tosta sceite (NORESS) le haghaidh feithiclí de chatagóirí L_1, L_2, L_3, L_4 agus L_5 i dtaca le hastaíocht torainn [2023/1714]

Ina n-ionchorpraítear an téacs bailí go léir suas go dtí:

Sraith leasuithe 02 – Dáta teacht i bhfeidhm: 15 Deireadh Fómhair 2019

Is áis doiciméadúcháin amháin é an doiciméad seo. Is é an téacs atá barántúil agus ceangailteach de réir dlí: ECE/Trans/WP.29/2019/7.

Ábhar

Rialachán

1. Raon feidhme
2. Sainmhínithe
3. Iarratas ar cheadú
4. Marcanna
5. Ceadú
6. Sonraíochtaí
7. Ceadú NORESS a mhionathrú agus a shíneadh agus an ceadú a shíneadh
8. Comhréireacht táirgeachta
9. Pionóis mar gheall ar neamhchomhréireacht táirgeachta
10. Scor cinntitheach den táirgeadh
11. Ainmneacha agus seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh, agus ainmneacha agus seoltaí na nÚdarás Cineálcheadaithe
12. Forálacha idirthréimhseacha

Iarscríbhinní

1. Cumarsáid
2. Sampla de na marcanna ceadaithe
3. Ceanglais maidir le hábhair ionsúiteacha shnáithíneacha a úsáidtear in NORESS
4. Ráiteas Comhlíontachta i leith na bhForálacha Breise maidir le hAstaíocht Fuaime

1. Raon feidhme

Tá feidhm ag Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe maidir le sceithchórais tosta athsholáthair neamhbhunaidh le haghaidh feithiclí de chatagóirí L_1, L_2, L_3, L_4 agus L_5 ([1]).

2. Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin seo ó na Náisiúin Aontaithe

2.1. Ciallaíonn '*sceithchóras tosta athsholáthair neamhbhunaidh nó comhpháirteanna den chóras sin*' córas de chineál atá difriúil leis an gcóras a fheistítear ar an bhfeithicil nuair a dhéantar an ceadú nó nuair a shíntear an ceadú. Ní fhéadfar é a úsáid ach amháin mar sceithchóras athsholáthair nó mar chóras tosta.

Léiríonn an t-acrainm NORESS an sceithchóras tosta athsholáthair neamhbhunaidh.

2.2. Ciallaíonn '*comhpháirt sceithcórais athsholáthair neamhbhunaidh*' ceann de na comhpháirteanna éagsúla lena gcruthaítear an sceithchóras *tosta* le chéile ([2]).

2.3. Ciallaíonn '*sceithcórais tosta athsholáthair neamhbhunaidh de chineálacha éagsúla*' córais tosta a bhfuil difríocht shuntasach eatarthu ó thaobh na nithe seo a leanas de:

(a) Tá trádainmneacha nó marcanna difriúla ar a gcomhpháirteanna,

(b) Tá tréithe na n-ábhar atá ina gcomhpháirt difriúil nó tá cruth nó méid difriúil ar na comhpháirteanna; ní mheastar gur ionann athrú cineáil agus modhnú maidir le bratú (bratú since, bratú alúmanaim, etc.),

(c) Tá na prionsabail oibríochtúla maidir le comhpháirt amháin ar a laghad difriúil,

(d) Déantar a gcomhpháirteanna a chomhcheangal ar bhealach difriúil.

2.4. ciallaíonn '*sceithchóras tosta athsholáthair neamhbhunaidh (NORESS) nó comhpháirt de*' aon pháirt den sceithchóras tosta arna shainiú i mír 2.1. atá beartaithe lena húsáid ar fheithicil seachas páirt den chineál arna fheistiú ar an bhfeithicil tráth a chuirtear isteach í lena chineálcheadú de bhun Rialachán Uimh. 9 ó na Náisiúin Aontaithe, Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe nó Rialachán Uimh. 63 ó na Náisiúin Aontaithe;

2.5. ciallaíonn '*NORESS nó comhpháirte nó comhpháirteanna de*' ceadú córais tosta ina iomláine nó cuid de atá inoiriúnaithe do chineál sonraithe feithicle amháin nó níos mó, a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo ó na Náisiúin Aontaithe, a mhéid a bhaineann le teorannú a leibhéil fuaime;

2.6. Ciallaíonn '*cineál feithicle*' feithiclí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo ó na Náisiúin Aontaithe, nach bhfuil difriúil lena ngnéithe bunúsacha amhail iad seo a leanas:

(a) An cineál innill (dhá bhuille nó ceithre bhuille ar a bhfuil loiní frithingeacha nó rothlacha; líon agus toilleadh na sorcóirí; líon agus cineál na gcarbradóirí nó na gcóras insteallta; leagan amach na gcomhlaí; uaschumhacht ghlan an innill agus an luas innill a chomhfhreagraíonn di). Maidir le hinnill loine rothlaigh, ba cheart glacadh leis gurb ionann an toilleadh ciúbach agus dhá oiread thoirt an chuasáin;

(b) Traein tiomána, go háirithe líon agus cóimheasa ghiaranna an tras-seolta agus an cóimheas deiridh;

(c) Líon, cineál agus leagan amach na sceithchóras tosta.

2.7. '*Ciallaíonn luas rátaithe innill*' luas an innill ag a bhforbraíonn an t-inneall a uaschumhacht ghlan rátaithe arna sonrú ag an monaróir ([3]).

Léiríonn an tsiombail $n_{rátaithe}$, luach uimhriúil an luais rátaithe innill a shloinntear in imrothluithe in aghaidh an nóiméid.

([1]) Mar atá sainmhínithe sa Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3.) (ECE/TRANS/WP.29/78/Rev.6, mír 2).

([2]) Is iad na comhpháirteanna sin, go sonrach, an t-ilphíobán sceite, an tostóir, an cuasán borrtha agus an t-athshondóir.

([3]) I gcás ina sroichtear an uaschumhacht ghlan rátaithe ar roinnt luasanna innill, úsáidtear an luas rátaithe innill sa Rialachán seo mar an t-uasluas innill ag a sroichtear an uaschumhacht ghlan rátaithe.

3. Iarratas ar cheadú

3.1. Is é an monaróir nó a ionadaí cuí-chreidiúnaithe a chuirfidh an t-iarratas ar cheadú NORESS, nó comhpháirteanna de, isteach.

3.2. Beidh trí chóip de na doiciméid a luaitear faoi seo agus na sonraí seo a leanas ag gabháil leis:

(a) Tuairisc ar an gcineál feithicle/na cineálacha feithicle ar a bhfuil sé beartaithe an NORESS nó na comhpháirteanna a fheistiú, maidir leis na míreanna dá dtagraítear i mír 2.6. thuas. Sonrófar na huimhreacha agus/nó na siombailí lena sainaithneofar an cineál innill agus an cineál feithicle agus an uimhir chineálcheadaithe do ~~mhótarfheithicil~~, más gá;

(b) Tuairisc ar an NORESS iomlán lena dtaispeántar suíomh coibhneasta gach ceann dá chomhpháirteanna, mar aon le treoracha maidir lena gcóimeáil;

(c) Líníochtaí mionsonraithe de gach comhpháirt NORESS chun gur féidir é a aimsiú agus a aithint go héasca, agus sonraíocht na n-ábhar a úsáidtear. Léireofar leis na líníochtaí sin freisin an áit a ndéanfar an uimhir cheadaithe a ghreamú go héigeantach.

3.3. Ar iarratas ón tSeirbhís Theicniúil a bheidh ag déanamh na dtástálacha maidir leis an gceadú, cuirfidh monaróir NORESS an méid seo a leanas isteach:

(a) Dhá shampla de NORESS nó dá chomhpháirteanna a tíolacadh lena gceadú;

(b) Sampla den sceithchóras tosta bunaidh a bhí feistithe ar an bhfeithicil nuair a cuireadh isteach í lena cineálcheadú;

(c) Feithicil tástála atá ionadaíoch don chineál ar a bhfuil NORESS le feistiú; comhlíonfaidh an fheithicil sin, nuair a thomhaisfear í i gcomhair astaíocht fuaime de réir na modhanna a thuairiscítear in Iarscríbhinn 3 (lena n-áirítear na leasuithe ábhartha go léir) a ghabhann le Rialachán Uimh. 9 ó na Náisiúin Aontaithe, Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe nó Rialachán Uimh. 63 ó na Náisiúin Aontaithe, na coinníollacha seo a leanas:

(i) Má tá an fheithicil de chineál ar eisíodh ceadú ina leith de bhun cheanglais Rialachán Uimh. 9, 41 nó 63 ó na Náisiúin Aontaithe:

(a) Ní rachaidh an leibhéal fuaime, le linn tástáil feithicle atá ag gluaiseacht, níos airde ná 1 dB(A) thar an teorainn a shonraítear i Rialachán iomchuí na Náisiún Aontaithe;

(b) Ní bheidh an leibhéal fuaime le linn tástáil feithicil agus í ina stad níos airde ná 3 dB(A), an leibhéal arna chinneadh le linn an cheadaithe agus arna léiriú ar phláta an mhonaróra.

(ii) Mura bhfuil an fheithicil den chineál ar eisíodh ceadú ina leith de bhun cheanglais Rialachán iomchuí ó na Náisiúin Aontaithe, ní rachaidh an leibhéal fuaime níos airde ná 1 dB(A) thar an teorainn is infheidhme an tráth a cuireadh ar an mbóthar den chéad uair í.

4. Marcanna

4.1. Beidh an méid seo a leanas ar gach comhpháirt den NORESS, cé is moite de phíobáin agus de ghabhálais feistithe:

(a) Trádainm nó trádmharc mhonaróir NORESS agus a chomhpháirteanna;

(b) An t-ainmniúchán tráchtála a thug an monaróir.

4.2. Beidh na marcálacha sin soléite agus doscriosta agus beidh siad infheicthe freisin san áit ina mbeidh NORESS feistithe.

4.3. Is é an monaróir a dhéanfaí NORESS a lipéadú; an cineál/na cineálacha feithicle ar deonaíodh an ceadú ina leith.

4.4. Féadfaidh roinnt uimhreacha ceada a bheith ag gabháil le comhpháirt má tá sí ceadaithe mar chomhpháirt roinnt sceithchóras athsholáthair.

4.5. Soláthrófar an sceithchóras athsholáthair i bpacáistiú nó beidh lipéad air agus soláthrófar na sonraí seo a leanas ar an dá rud:

(a) Trádainm nó marc mhonaróir an chórais tosta athsholáthair agus a chomhpháirteanna,

(b) Seoladh an mhonaróra nó ionadaí an mhonaróra sin,

(c) Liosta de na samhlacha feithicle dá bhfuil an córas tosta athsholáthair ceaptha.

4.6. Soláthróidh an monaróir an méid seo a leanas:

(a) Treoracha ina mínítear go mion an modh ceart chun nithe a fheistiú ar fheithicil;

(b) Treoracha maidir leis an gcóras tosta a láimhseáil;

(c) Liosta comhpháirteanna ina bhfuil uimhreacha na gcodanna comhfhreagracha, seachas coimeádáin.

4.7. An marc ceadaithe.

5. Ceadú

5.1. Má chomhlíonann NORESS nó comhpháirt de arna chur isteach lena cheadú faoin Rialachán seo ón na Náisiúin Aontaithe ceanglais mhír 6 thíos, deonófar ceadú le haghaidh an chineáil sin.

5.2. Sannfar uimhir cheadaithe do gach cineál NORESS a cheadófar. Leis an gcéad dá dhigit (01 faoi láthair, rud a chomhfhreagraíonn do shraith leasuithe 01), sonrófar an tsraith leasuithe ina n-ionchorpraítear na mórleasuithe teicniúla is déanaí dá ndearnadh ar an Rialachán ó na Náisiúin Aontaithe tráth eisiúna an cheadaithe. Ní fhéadfaidh an Páirtí Conarthach céanna an uimhir chéanna a shannadh do chineál NORESS nó do chomhpháirt eile atá deartha don chineál céanna nó do na cineálacha céanna feithicle.

5.3. Cuirfear fógra maidir le ceadú NORESS nó comhpháirt de a shíneadh nó a dhiúltú faoin Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe in iúl do na Páirtithe sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe i bhfeidhm, trí bhíthin foirme atá i gcomhréir leis an tsamhail in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe.

5.4. Gach NORESS agus gach comhpháirt de atá i gcomhréir le cineál a cheadaítear faoin Rialachán seo, greamófar marc ceadaithe idirnáisiúnta de gach NORESS ina mbeidh an méid seo a leanas:

(a) Ciorcal timpeall ar an litir 'E' agus, taobh leis an litir sin, sainuimhir na tíre a dheonaigh an ceadú ([4]);

(b) Ar thaobh na láimhe deise den chiorcal a fhorordaítear in (a) thuas, uimhir an Rialacháin seo ó na Náisiúin Aontaithe, agus ina dhiaidh sin, an litir 'R', dais, agus an uimhir um cheadú;

(c) Sonrófar an uimhir um cheadú san fhoirm um cheadú, mar aon leis an modh arna úsáid le haghaidh na dtástálacha maidir le ceadú.

5.5. Beidh an marc ceadaithe soléite nuair a bheidh an NORESS feistithe ar an bhfeithicil, agus beidh sé doscriosta.

5.6. Féadfar comhpháirt a mharcáil le níos mó ná uimhir cheadaithe amháin má ceadaíodh í mar chuid de níos mó ná NORESS amháin; sa chás sin, ní gá an timthriall a athdhéanamh. In Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe, tugtar sampla den mharc ceadaithe.

6. Sonraíochtaí

6.1. Sonraíochtaí ginearálta

Dearfar agus tógfar an tostóir agus beifear ábalta é a fheiste ionas:

(a) Go gcomhlíonfaidh an fheithicil ceanglais an Rialacháin seo ó na Náisiúin Aontaithe faoi ghnáthdhálaí úsáide, agus go háirithe gan beann ar aon chreathadh a bhféadfadh tarlú di;

([4]) Atáirgtear sainuimhreacha na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú 1958 in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3) (ECE/TRANS/WP.29/78/Rev.6).

(b) Taispeántar leis frithsheasmhacht réasúnta in aghaidh na bhfeiniméan creimthe dá nochtar é, agus aird chuí á tabhairt ar ghnáthdhálaí úsáide na feithicle;

(c) Ní laghdaítear an scóip ón talamh a sholáthraítear leis an tostóir a feistíodh ar dtús, ná suíomh claonta féideartha na feithicle;

(d) Ní ann do theochtaí ró-ard ar an dromchla;

(e) Níl a imill géar nó spiacánach agus tá dóthain spáis ann le haghaidh maolaire agus spriongaí turrainge;

(f) Soláthraítear glanspás leordhóthanach de na codanna sprionga;

(g) Soláthraítear glánspás sábháilteachta leordhóthanach píopaí;

(h) Tá sé dosháraithe ar chur isteach ar bhealach atá comhoiriúnach le riachtanais chothabhála agus suiteála atá sainithe go soiléir.

6.2. Sonraíochtaí maidir le leibhéil fuaime

Déanfar éifeachtúlacht fhuaimiúil NORESS nó comhpháirteanna de a fhíorú trí bhíthin na modhanna a thuairiscítear i Rialachán Uimh. 9, 41 nó 63 ó na Náisiúin Aontaithe. Go háirithe, chun an mhír sin a chur i bhfeidhm, déanfar tagairt don tsraith leasuithe ar Rialachán Uimh. 92 ó na Náisiúin Aontaithe a bhí i bhfeidhm tráth chineálcheadú na feithicle nua. Nuair a bheidh an NORESS nó a chomhpháirteanna feistithe ar an bhfeithicil a thuairiscítear i mír 3.3. (c), comhlíonfaidh na luachanna fuaimleibhéil a gheofar tríd an dá mhodh (nuair atá an fheithicil ina stad agus nuair atá sí ag gluaiseacht) an coinníoll seo a leanas:

Ní rachaidh siad thar na luachanna arna dtomhas i gcomhréir le ceanglais mhír 3.3.(c), don fheithicil chéanna nuair a bheidh an córas tosta bunaidh feistithe uirthi le linn na tástála agus an fheithicil ag gluaiseacht agus ~~nó~~ an tástáil ar fheithicil agus í ina stad.

6.3. Ceanglais bhreise

6.3.1. Forálacha maidir le cosaint ar chur isteach

Déanfar NORESS nó a chomhpháirteanna a thógáil ar dhóigh nach mbeifear ábalta sciatha, cóin scortha agus páirteanna eile arb é a bpríomhfheidhm bheith ina gcuid de na cuasáin tosta/bhorrtha, a bhaint. I gcás nach bhfuil aon dul as páirt den sórt sin a ionchorprú, déanfar í a cheangal a dhóigh nach mbeifear in ann í a bhaint (e.g. le gnáthfheistiú snáithithe) agus déanfar í a cheangal freisin ar dhóigh go ndéanfaí damáiste seasta/doleasaithe don chóimeáil dá mbainfí í.

6.3.2. NORESS ilmhodhanna

Maidir le NORESS a bhfuil ilmhodhanna oibriúcháin inroghnaithe ag an rothaí atá inchoigeartaithe de láimh nó go leictreonach orthu, comhlíonfaidh siad na ceanglais go léir sna modhanna oibriúcháin go léir. Is éard a bheidh sna leibhéil fuaime tuairiscithe na leibhéil a bheidh mar thoradh ar an modh a bhfuil na leibhéil fuaime is airde air.

6.3.3. Toirmeasc ar fheistí sáraithe

Ní dhéanfaidh monaróir NORESS aon fheiste ná aon nós imeachta a athrú, a choigeartú ná a thabhairt isteach d'aon ghnó chun ceanglais an Rialacháin seo ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíocht torainn a chomhlíonadh, ar feiste nó nós imeachta é nach mbeidh ag feidhmiú le linn gnáthoibriú ar an mbóthar, agus chun na críche sin amháin.

6.3.4. Forálacha breise maidir le hastaíocht fuaime (ASEP)

6.3.4.1. Comhlíonfar ceanglais ASEP freisin maidir le NORESS, má tá sé deartha lena úsáid ar fheithiclí atá cineálcheadaithe de réir sraith leasuithe ar Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe, i gcás ina raibh ASEP ina chuid de chineálcheadú eisithe na feithicle.

Más gá ASEP a thástáil, ní mór na tástálacha sin agus na réamhthástálacha riachtanacha a dhéanamh i gcomhréir leis an tsraith leasuithe ar Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe, a bhí ina bonn le cineálcheadú eisithe na feithicle.

6.3.4.2. Má tá modhanna éagsúla nó geoiméadrachtaí inathraitheacha ar NORESS, caithfear na tástálacha ASEP ar Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe a dhéanamh air freisin, má tá sé deartha lena úsáid ar fheithiclí atá cineálcheadaithe de réir sraith leasuithe ar Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe, i gcás nach raibh ASEP ina chuid de chineálcheadú eisithe na bhfeithiclí sin.

Ní mór na tástálacha ASEP sin agus na réamhthástálacha riachtanacha a dhéanamh i gcomhréir leis an tsraith iarbhír leasuithe ar Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe, arb é an bonn iarbhír é chun cineálcheaduithe na bhfeithiclí sin a eisiúint.

Astaíochtaí fuaime na feithicle atá feistithe le NORESS i ngnáthdhálaí tiomána ar bhóthar, ar dálaí iad atá difriúil leis na dálaí faoinar rinneadh an tástáil chineálcheadaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn 3 agus in Iarscríbhinn 7 de Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe, ní imeoidh na hastaíochtaí fuaime sin ar bhealach suntasach ó thoradh na tástála.

6.3.4.3. Ní mór na tástálacha ASEP maidir le 6.3.4.2. a dhéanamh i dtéarmaí comparáide ar fheithicil, atá feistithe leis an tostóir sceite bunaidh agus NORESS (tástáil chúl le cúl). Ní mór tástálacha ASEP na feithicle ar a bhfuil an tostóir sceite bunaidh feistithe a dhéanamh i ngnáthmhodh oibríocht le haghaidh úsáid bóthair cheadú astaíochtaí fuaime bunaithe na feithicle. Ní thógann na torthaí tástála sin ach an bonn comparáide le torthaí tástála ASEP na feithicle ar a bhfuil NORESS feistithe.

Le linn na dtástálacha sin, d'fhéadfadh an leibhéal fuaimbhrú céanna a bheith ag uasleibhéal fuaimbhrú NORESS do gach bail tástála agus atá ag tomhas na feithicle ar a bhfuil an tostóir sceite bunaidh feistithe ina mhodh ceadaithe.

6.3.4.4. Má tá tástálacha maidir le 6.3.4.1. nó 6.3.4.2. le déanamh le haghaidh NORESS gan ilmhodhanna oibriúcháin inroghnaithe ag an rothaí atá inchoigeartaithe de láimh nó go leictreonach nó gan geoiméadrachtaí athraitheacha, an fheithicil arna tuairisciú i mír 3.3. (c) úsáidfear an fheithicil sin.

6.3.4.5. Má tá tástálacha ASEP maidir le 6.3.4.1. nó 6.3.4.2. le déanamh le haghaidh NORESS, ar a bhfuil ilmhodhanna oibriúcháin inroghnaithe ag an rothaí atá inchoigeartaithe de láimh nó go leictreonach nó geoiméadrachtaí athraitheacha feistithe, ní mór gach cineál feithicle de raon chur i bhfeidhm ceadaithe NORESS a thástáil i ngach modh inroghnaithe den fheithicil agus de NORESS.

6.3.4.6. Féadfaidh monaróir NORESS tástálacha ASEP maidir le 6.3.4.4. a dhéanamh.

Ní mór don tSeirbhís Theicniúil tástálacha ASEP maidir le 6.3.4.5. a dhéanamh. Ní mór torthaí tástála na dtomhas sin ar an bhfeithicil bhunaidh agus ar an bhfeithicil ar a bhfuil NORESS feistithe, agus sonraí ábhartha uile na dtástálacha sin a lua i dtuarascáil tástála na Seirbhíse Teicniúla.

6.3.4.7. Féadfaidh an tÚdarás Cineálcheadaithe a cheangal go bhfíorófar le haon tástáil ábhartha go gcomhlíonann NORESS na ceanglais thuasluaite de mhír 6.3.4.1. go 6.3.4.6. Agus na tástálacha sin á ndéanamh, féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe bogearraí aonaid stiúrtha NORESS a sheiceáil freisin, ar a bhfuil ilmhodhanna oibriúcháin inroghnaithe ag an rothaí atá inchoigeartaithe go leictreonach nó geoiméadrachtaí athraitheacha feistithe.

6.3.4.8. Soláthróidh an monaróir, de bhreis ar thuarascáil tástála na Seirbhíse Teicniúla, ráiteas i gcomhréir le hIarscríbhinn 4 a ghabhann leis an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe go gcomhlíonann NORESS nó na comhpháirteanna atá le ceadú na ceanglais maidir le foralácha breise maidir le hastaíocht fuaime sa tsraith leasuithe ar Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe.

I gcás NORESS ar a bhfuil ilmhodhanna oibriúcháin inroghnaithe ag an rothaí atá inchoigeartaithe de láimh nó go leictreonach nó le geoiméadrachtaí athraitheacha feistithe, ní mór do mhonaróir NORESS doiciméad breise a sheoladh chuig an údarás ceadaithe ina mbeidh prionsabal (prionsabail) agu rialú mionsonraithe NORESS i gcomhréir le mír 6.3.4.9.

6.3.4.9. Doiciméadacht bhreise le haghaidh NORESS ar a bhfuil ilmhodhanna oibriúcháin inroghnaithe ag an rothaí atá inchoigeartaithe de láimh nó go leictreonach nó le geoiméadrachtaí athraitheacha feistithe

6.3.4.9.1. An pacáiste doiciméadachta breise a cheanglaítear le mír 6.3.4.8 lena gcuirtear ar chumas an údaráis ceadaithe meastóireacht a dhéanamh ar an straitéis nó na straitéisí um rialú astaíochtaí fuaime chun oibriú ceart NORESS a áirithiú.

Cuirfear ar fáil sa dá chuid seo a leanas é:

(a) an 'pacáiste foirmiúil doiciméadacht breise' is féidir a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara ach é a iarraidh;

(b) Coinneofar an 'pacáiste doiciméadachta breise méadaithe' faoi rún go hiomlán.

6.3.4.9.2. Is féidir leis an bpacáiste foirmiúil doiciméadachta breise a bheith gairid, ar choinníoll go dtaispeántar fianaise ann gur sainaithníodh gach paraiméadar chun NORESS a rialú. Tabharfar tuairisc sa doiciméadacht bhreise ar oibríocht fheidhmiúil NORESS. Coinneoidh an t-údarás cineálcheadaithe an t-ábhar sin.

6.3.4.9.3. Cuimseofar sa phacáiste doiciméadachta breise méadaithe faisnéis maidir le hoibriú gach Straitéise Breise maidir le hAstaíocht Fuaime (ASES) agus Straitéis um Bonn Astaíochta Fuaime (BSES), lena n-áirítear tuairisc ar na paraiméadair arna mionathrú le haon mheasúnacht ASES na coinníollacha teorann faoina n-oibríonn ASES, agus léiriú ar cé acu ASES agus BSES gníomhach ar dóigh dóibh a bheith gníomhach faoi choinníollacha na nósanna imeachta tástála a leagtar amach sa cheanglas ASEP infheidhme de Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe. Beidh gach modh oibríochta sa phacáiste doiciméadachta méadaithe.

Coinneofar an 'pacáiste doiciméadachta méadaithe' faoi rún go hiomlán. Coinneoidh an tÚdarás Cineálcheadaithe an t-ábhar sin.

6.4. Feidhmíocht na feithicle a thomhas

6.4.1. Beidh NORESS nó a chomhpháirteanna de chineál lena n-áiritheofar go bhfuil feidhmíocht na feithicle inchomparáide leis an bhfeidhmíocht a baineadh amach leis an gcóras tosta sceite bunaidh nó le comhpháirteanna de.

6.4.2. Cuirfear comhpháirteanna NORESS nó, de rogha an mhonaróra, comhpháirteanna NORESS, i gcomparáid le córas tosta bunaidh nó le comhpháirteanna de, a mbeidh bail nua orthu freisin, agus a fheistítear i ndiaidh a chéile ar an bhfeithicil dá dtagraítear i mír 3.3. (c).

6.4.3. Déanfar an fíorú tríd an gcuar aschuir a thomhas i gcomhréir le mír 6.4.1. nó 6.4.2. Ní rachaidh an uaschumhacht agus an luas innill ag an uaschumhacht arna tomhas le NORESS níos mó ná ± 5 faoin gcéad thar an nglanchumhacht agus an luas innill arna thomhas faoi na dálaí a leagtar amach thíos le sceithchóras an trealaimh bhunaidh.

6.4.4. Modh tástála

6.4.4.1. Modh tástála innill

Is ar inneall na feithicle dá dtagraítear i mír 3.3 a dhéanfar na tomhais. (c), agus an t-inneall feisithe ar dhinimiméadar.

6.4.4.2. Modh tástála na feithicle

Is ar an bhfeithicil dá dtagraítear i mír 3.3 a dhéanfar na tomhais. (c). Cuirfear na luachanna a gheofar leis an gcóras tosta bunaidh i gcomparáid leis na luachanna a fuarthas le NORESS. Déanfar an tástáil ar dhinimiméadar rollála.

6.5. Forálacha breise maidir le NORESS nó a chomhpháirteanna a líonadh le hábhair shnáithíneacha

Ní cheadófar ábhar ionsúite snáithíneach a úsáid agus an NORESS á thógáil ach amháin má chomhlíontar na ceanglais in Iarscríbhinn 3.

6.6. Meastóireacht ar astaíochtaí truailleán feithiclí ar a bhfuil córas tosta athsholáthair feistithe

An fheithicil dá dtagraítear i mír 3.3. (c) leis an sceithchóras tosta athsholáthair neamhbhunaidh (NORESS) den chineál a n-iarrtar ceadú ina leith, comhlíonfar na ceanglais maidir le truailliú de réir chineálcheadú na feithicle. Taifeadfar an fhanaise sa tuarascáil ar an tástáil.

7. Ceadú NORESS a mhionathrú agus a shíneadh agus an ceadú a shíneadh

7.1. Déanfar gach mionathrú ar an gcineál NORESS nó ar a chomhpháirteanna a chur in iúl don Údarás Cineálcheadaithe a cheadaigh an cineál NORESS. Ina dhiaidh sin, féadfaidh an tÚdarás sin ceann díobh seo a leanas a dhéanamh:

(a) A mheas nach dócha go mbeidh éifeacht dhíobhálach shuntasach ag na mionathruithe a rinneadh; nó

(b) Tuarascáil eile ar an tástáil a iarraidh ón tSeirbhís Theicniúil atá freagrach as na tástálacha a dhéanamh.

7.2. Féadfaidh monaróir NORESS, nó comhpháirte de, nó ionadaí cuí-chreidiúnaithe dá chuid, a iarraidh ar an Údarás Cineálcheadaithe a dheonaigh ceadú NORESS le haghaidh feithicil amháin nó níos mó an ceadú a shíneadh chuig cineálacha eile feithicle. Beidh an nós imeachta mar a thuairiscítear i mír 3 thuas.

7.3. Cuirfear dearbhú nó diúltú maidir le ceadú, lena sonrófar na mionathruithe, in iúl de réir an nós imeachta a shonraítear i mír 5.3. thuas do na Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú a bhfuil an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe á chur i bhfeidhm acu.

7.4. Déanfaidh an t-údarás inniúil a eiseoidh an síneadh ar an gceadú sraithuimhir a shannadh do gach foirm chumarsáide a dhréachtófar do shíneadh dá leithéid.

8. Comhréireacht táirgeachta

Comhlíonfaidh na nósanna imeachta táirgeachta na cinn a leagtar amach sa Chomhaontú, Aguisín 2 (E/ECE/324-E/ECE/TRANS/505/Rev.2), na ceanglais seo a leanas:

(a) Maidir NORESS arna cheadú de réir an Rialacháin seo ó na Náisiúin Aontaithe, déanfar iad a mhonarú ionas go mbeidh siad i gcomhréir leis an gcineál arna cheadú trí na ceanglais a leagtar amach i mír 6 a chomhlíonadh. Thuas;

(b) Áiritheoidh sealbhóir an cheadaithe, i gcás gach cineál NORESS, go ndéanfar, ar a laghad, na tástálacha a leagtar síos i mír 6. den Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe;

(c) Féadfaidh an t-údarás a dheonaigh cineálcheadú na modhanna rialaithe comhréireachta arna gcur i bhfeidhm i ngach saoráid táirgthe a fhíorú ag am ar bith. Uair amháin gach dhá bhliain a bheidh i ngnáthmhinicíocht na bhfíoruithe sin;

(d) Meastar go gcomhlíonann an táirgeadh ceanglais an Rialacháin seo ó na Náisiúin Aontaithe, má chomhlíontar forálacha Rialacháin Uimh. 9, 41 agus 63 ó na Náisiúin Aontaithe, a chomhfhreagraíonn don chineál feithicle, agus mura rachaidh leibhéal fuaime arna thomhas de réir an mhodha a thuairiscítear i Rialacháin áirithe ó na Náisiúin Aontaithe le linn na tástála ar fheithiclí atá ag gluaiseacht 3 dB(A) thar an leibhéal fuaime arna thomhas le linn an chineálcheadaithe agus mura rachaidh sé 1 dB(A) thar na teorainneacha arna bhforordú i Rialacháin Uimh. 9, 41 agus 63 ó na Náisiúin Aontaithe de réir mar is infheidhme.

9. Pionóis mar gheall ar neamhchomhréireacht táirgeachta

9.1. Féadfar an ceadú a deonaíodh maidir le cineál NORESS nó a chomhpháirteanna faoin Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe a tharraingt siar mura gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i mír 8. thuas, nó mura n-éiríonn le NORESS nó lena chomhpháirteanna sna tástálacha dá bhforáiltear i mír 8. (b) thuas.

9.2. Páirtí Conarthach sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe i bhfeidhm, má dhéanann sé ceadú a dheonaigh sé roimhe sin a tharraingt siar, tabharfaidh sé fógra láithreach faoi sin do na Páirtithe Conarthacha eile i gComhaontú 1958 a chuireann an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe i bhfeidhm, rud a dhéanfaidh sé trí bhíthin foirm fógra a bheidh i gcomhréir leis an tsamhail atá in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe.

10. Scor cinntitheach den táirgeadh

Má scoireann sealbhóir an cheadaithe go hiomlán de chineál córais tosta athsholáthair nó comhpháirteanna de a mhonarú i gcomhréir leis an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe, cuirfidh sé an méid sin in iúl don údarás a dheonaigh an ceadú agus mar sin cuirfidh sé an méid sin in iúl do na Páirtithe Conarthacha eile i gComhaontú 1958 a chuireann an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe, trí chóip den fhoirm fógra a bheidh i gcomhréir leis an tsamhail atá in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe.

11. Ainmneacha agus seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh, agus ainmneacha agus seoltaí na nÚdarás Cineálcheadaithe

Na Páirtithe Conarthacha i gComhaontú 1958 a chuireann an Rialachán seo ó na Náisiún Aontaithe i bhfeidhm, cuirfidh siad in iúl do Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe ainmneacha agus seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh, mar aon le hainmneacha agus seoltaí na nÚdarás Cineálcheadaithe a dheonaíonn ceadú, údaráis ar chucu atá foirmeacha le cur lena ndearbhaítear ceadú nó síneadh, nó lena ndiúltaítear nó lena dtarraingítear siar ceadú, nó scor cinntitheach den táirgeadh, arna n-eisiúint i dtír eile.

12. Forálacha idirthréimhseacha

12.1. Ó dháta oifigiúil theacht i bhfeidhm shraith leasuithe 02 a ghabhann leis an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe, aon Pháirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe i bhfeidhm, ní dhiúltóidh siad cineálcheaduithe a dheonú nó a dhiúltú faoi shraith leasuithe 02 a ghabhann leis an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe.

12.2. Ó 12 mhí i ndiaidh dháta theacht shraith leasuithe 02, ní dheonóidh Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe ceaduithe ach amháin má chomhlíonann an cineál comhpháirte nó an cineál aonaid theicniúil ar leithligh atá le ceadú ceanglais shraith leasuithe 02 a ghabhann leis an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe.

12.3. Ó 24 mhí i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ní dheonóidh Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe síntí le ceaduithe atá ann cheana ach amháin má chomhlíonann an cineál comhpháirte nó an cineál aonaid theicniúil ar leithligh atá le ceadú ceanglais shraith leasuithe 02 a ghabhann leis an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe.

12.4. Fiú amháin i ndiaidh theacht i bhfeidhm shraith leasuithe 02 ar an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe, beidh ceaduithe na gcomhpháirteanna agus na n-aonad teicniúil ar leithligh ar an tsraith leasuithe roimhe seo ar Rialachán na Náisiún Aontaithe bailí i gcónaí agus leanfaidh na Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe i bhfeidhm lena nglacadh.

IARSCRÍBHINN 1

CUMARSÁID

Cuid A.

NORESS le haghaidh cineálacha feithiclí arna gceadú de réir shraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe

(Formáid uasta: A4 (210 × 297 mm)



arna eisiúint ag: Ainm an údaráis riaracháin:
……
……

maidir le ([2]): Ceadú deonaithe
Síneadh le ceadú
Ceadú diúltaithe
Ceadú aistarraingthe
Scor cinntitheach den táirgeadh

maidir le cineál feithicle maidir le cineál NORESS nó comhpháirt de de bhun Rialachán Uimh. 92 ó na Náisiúin Aontaithe.

Uimhir Cheada…… Uimhir Shínidh ……

1. Trádainm nó trádmharc na feithicle: ……
2. Cineál feithicle: ……
3. Ainm agus seoladh an mhonaróra: ……
4. Ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra, más infheidhme: ……
5. Inneall
5.1. Monaróir: ……
5.2. Cineál: ……
5.3. Samhail: ……
5.4. Uaschumhacht ghlan rátaithe: …… kW ag …… $nóim^{-1}$
5.5. An cineál innill (e.g. adhaint dheimhneach, adhaint chomhbhrú, etc.) ([3]): ……
5.6. Timthriallta: dhá bhuille/ceithre bhuille [2]
5.7. Toilleadh sorcóra: …… cm^3
6. Traiseoladh

([1]) Sainuimhir na tíre a dheonaigh/a shínigh/a dhiúltaigh nó a aistarraing an ceadú (féach forálacha sa Rialachán).
([2]) Scrios aon rud nach mbaineann le hábhar.
([3]) Má úsáidtear inneall speisialta, ba cheart é sin a lua.

6.1. Cineál traiseolta: giarbhosca láimhe/giarbhosc uathoibríoch: .....

6.2. Líon na ngiaranna: .....

7. Trealamh

7.1. Córais tosta an sceite

7.1.1. Monaróir nó a ionadaí údaraithe (más ann dó): .....

7.1.2. Samhail: .....

7.1.3. Cineál: ..... i gcomhréir le líníocht Uimh. .....

7.2. Córas tosta na hiontógála

7.2.1. Monaróir nó a ionadaí údaraithe (más ann dó): .....

7.2.2. Samhail: .....

7.2.3. Cineál: ..... i gcomhréir le líníocht Uimh. .....

8. Giaranna a úsáidtear chun tástáil a dhéanamh ar ghluaisrothar atá ag gluaiseacht: .....

9. Cóimheas(a) tiomána deiridh: .....

10. Uimhir chineálcheadaithe ECE an bhoinn/na mbonn: .....

Mura bhfuil sin ar fáil, tabharfar an fhaisnéis a leanas:

10.1. Monaróir na mbonn: .....

10.2. Tuairisc(í) tráchtála ar an gcineál boinn (de réir acastóra), (e.g. trádainm, treoiruimhir luais, treoiruimhir ualaigh): .....

10.3. Méideanna na mbonn (de réir acastóra): .....

10.4. Uimhir chineálcheadaithe eile (má tá sí ar fáil): .....

11. Maiseanna

11.1. Ollmheáchan uasta ceadaithe: ..... kg

11.2. Mais tástála: ..... kg

11.3. Innéacs an chóimheasa cumhachta le meáchan (*PMR*): .....

12. Fad na feithicle: ..... m

12.1. Fad tagarthah l_{tag}: ..... m

13. Luasanna feithicle tomhas i ngiar (i)

13.1. An luas feithicle ag tús na tréimhse luasghéaraithe (3 rith ar an meán le haghaidh ghiar (i): ..... km/h

13.2. Fad an réamh-luasghéaraithe le haghaidh ghiar (i): ..... m

13.3. An luas feithicle $v_{PP,}$ (3 rith ar an meán) le haghaidh ghiar (i): ..... km/h

13.4. An luas feithicle $v_{BB,}$ (3 rith ar an meán) le haghaidh ghiar (i): ..... km/h

14. Luasanna feithicle na dtomhasanna i ngiar (i +1) (más infheidhme)

14.1. An luas feithicle ag tús na tréimhse luasghéaraithe (3 rith ar a mhéad) le haghaidh ghiar (i+1): ..... km/h

14.2. Fad an réamh-luasghéaraithe le haghaidh ghiar (i+1): ..... m

14.3. An luas feithicle $v_{PP'}$ (3 rith ar an meán) le haghaidh ghiar (i+1): ..... km/h

14.4. An luas feithicle $v_{BB'}$ (3 rith ar an meán) le haghaidh ghiar (i+1): ..... km/h

15. Ríomhtar an luasghéarú idir línte AA' agus BB'/PP' agus BB'

15.1. Cur síos ar fheidhmiúlacht na bhfeistí a úsáidtear chun an luasghéarú a chobhsú (más infheidhme): .....

16. Leibhéil fuaime a bhaineann le feithicil atá ag gluaiseacht

16.1. Toradh tástála ar scóig lánoscailte L_{wot}: ..... db(A)

16.2. Torthaí tástála ar luas seasmhach L_{crs}: ..... db(A)

16.3. Fachtóir cumhachta páirtí k_p: ..... db(A)

16.4. Toradh deiridh tástála L_{urban}: ..... db(A)

17. Leibhéal fuaime na feithicle agus í ina stad

17.1. Suíomh agus treoshuíomh an mhicreafóin (de réir Aguisín 2 d'Iarscríbhinn 3 de shraith 04 de Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe): .....

17.2. Toradh na tástála agus an fheithicil ina stad: ..... db(A) ag .....$nóim^{-1}$

18. Forálacha breise maidir le hastaíocht fuaime:

Féach ráiteas an mhonaróra maidir le comhlíonadh (i gceangal)

19. Sonraí tagartha maidir le comhlíonadh le linn úsáide

19.1. Giar (i) nó, i gcás feithiclí a thástáiltear le cóimheasa giair nach bhfuil glasáilte, suíomh roghnóir na ngiaranna a roghnaítear don tástáil: .....

19.2. Fad an réamh-luasghéaraithe l_{PA}: ..... m

19.3. An luas feithicle ag tús na tréimhse luasghéaraithe (3 rith ar an meán le haghaidh ghiar (i): ..... km/h

19.4. Leibhéal fuaimbhrú $L_{wot(i)}$: ..... dB(A)

20. An dáta ar cuireadh an fheithicil isteach lena ceadú: .....

21. An tSeirbhís Theicniúil a dhéanann na tástálacha um cheadú: .....

22. Dáta na tuarascála a d'eisigh an tseirbhís sin: .....

23. Uimhir na tuarascála a d'eisigh an tseirbhís sin: .....

24. Ceadú deonaithe/sínte/diúltaithe/tarraingthe siar[2]: .....

25. Suíomh mharc an cheadaithe ar an ngluaisrothar: .....

26. Áit: .....

27. Dáta: .....

28. Síniú: .....

29. Tá na doiciméid seo a leanas, a bhfuil an uimhir cheadaithe thuasluaite orthu, i gceangal leis an teachtaireacht seo:

Líníochtaí, léaráidí agus pleananna den inneall agus den chóras tosta sceite;

Grianghraif den inneall agus den sceithchóras nó den chóras tosta;

Liosta de na comhpháirteanna, arna sainaithint go cuí, lena gcomhdhéantar an córas tosta sceite.

Cuid B.

NORESS le haghaidh cineálacha feithiclí arna gceadú de réir Rialachán Uimh. 9 nó 63 ó na Náisiúin Aontaithe

(Formáid uasta: A4 (210 × 297 mm)



arna eisiúint ag: Ainm an údaráis riaracháin:
.....
.....

maidir le ([5]): Ceadú deonaithe
Síneadh le ceadú
Ceadú diúltaithe
Ceadú aistarraingthe
Scor cinntitheach den táirgeadh

maidir le cineál feithicle maidir le cineál NORESS nó comhpháirt de de bhun Rialachán Uimh. 92 ó na Náisiúin Aontaithe.

Uimhir Cheada..... | Uimhir Shínidh .....

1. Trádainm nó trádmharc na feithicle: .....

2. Cineál feithicle: .....

3. Ainm agus seoladh an mhonaróra: .....

4. Ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra, más infheidhme: .....

5. Inneall

5.1. Monaróir: .....

5.2. Cineál: .....

5.3. Samhail: .....

5.4. Uaschumhacht ghlan rátaithe: ..... kW ag ..... $nóim^{-1}$

5.5. An cineál innill (e.g. adhaint dheimhneach, adhaint chomhbhrú, etc.) ([6]): .....

5.6. Timthriallta: dhá bhuille/ceithre bhuille [2]

5.7. Toilleadh sorcóra: ..... cm^3

6. Traiseoladh

6.1. Cineál traiseolta: giarbhosca láimhe/giarbhosc uathoibríoch: .....

([4]) Sainuimhir na tíre a dheonaigh/a shínigh/a dhiúltaigh nó a aistarraing an ceadú (féach forálacha sa Rialachán).
([5]) Scrios aon rud nach mbaineann le hábhar.
([6]) Má úsáidtear inneall speisialta, ba cheart é sin a lua.

6.2. Líon na ngiaranna: .....

7. Trealamh

7.1. Córais tosta an sceite

7.1.1. Monaróir nó a ionadaí údaraithe (más ann dó): .....

7.1.2. Samhail: .....

7.1.3. Cineál: ..... i gcomhréir le líníocht Uimh. .....

7.2. Córas tosta na hiontógála

7.2.1. Monaróir nó a ionadaí údaraithe (más ann dó): .....

7.2.2. Samhail: .....

7.2.3. Cineál: ..... i gcomhréir le líníocht Uimh. .....

8. Giaranna a úsáidtear chun tástáil a dhéanamh ar ghluaisrothar atá ag gluaiseacht: .....

9. Cóimheas(a) tiomána deiridh: .....

10. Uimhir chineálcheadaithe ECE an bhoinn/na mbonn: .....
Mura bhfuil sin ar fáil, tabharfar an fhaisnéis a leanas:

10.1. Monaróir na mbonn: .....

10.2. Tuairisc(í) tráchtála ar an gcineál boinn (de réir acastóra), (e.g. trádainm, treoiruimhir luais, treoiruimhir ualaigh): .....

10.3. Méideanna na mbonn (de réir acastóra): .....

10.4. Uimhir chineálcheadaithe eile (má tá sí ar fáil): .....

11. Maiseanna

11.1. Ollmheáchan uasta ceadaithe: ..... kg

11.2. Mais tástála: ..... kg

11.3. Innéacs an chóimheasa cumhachta le meáchan (*PMR*): .....

12. Fad na feithicle: ..... m

13. Leibhéal fuaime na feithicle agus í ag gluaiseacht ..... dB(A)

13.1. Giar (i) chun an fheithicil a thástáil agus í ag gluaiseacht .....

13.2. An luas feithicle ag tús na tréimhse luasghéaraithe (3 rith ar an meán le haghaidh ghiar (i): ..... km/h

14. Leibhéal fuaime na feithicle agus í ina stad ..... dB(A)

14.1. ag luas an innill .....nóim^{-1}

14.2. Suíomh agus treo an mhicreafóin: .....

15. Sonraí tagartha maidir le comhlíonadh le linn úsáide

15.1. Giar (i) nó, i gcás feithiclí a thástáiltear le cóimheasa giair nach bhfuil glasáilte, suíomh roghnóir na ngiaranna a roghnaítear don tástáil: .....

15.2. An luas feithicle ag tús na tréimhse luasghéaraithe (3 rith ar an meán le haghaidh ghiar (i): ..... km/h

15.3. Leibhéal fuaimbhrú $L_{(i)}$: ..... dB(A)

16. An dáta ar cuireadh an fheithicil isteach lena ceadú: .....

17. An tSeirbhís Theicniúil a dhéanann na tástálacha um cheadú: .....

18. Dáta na tuarascála a d'eisigh an tseirbhís sin: .....

19. Uimhir na tuarascála a d'eisigh an tseirbhís sin: .....

20. Ceadú deonaithe/sínte/diúltaithe/tarraingthe siar[2]: .....

21. Suíomh mharc an cheadaithe ar an ngluaisrothar: .....

22. Áit: .....

23. Dáta: .....


24. Síniú: .....

25. Tá na doiciméid seo a leanas, a bhfuil an uimhir cheadaithe thuasluaite orthu, i gceangal leis an teachtaireacht seo:
Líníochtaí, léaráidí agus pleananna den inneall agus den chóras tosta sceite;
Grianghraif den inneall agus den sceithchóras nó den chóras tosta;
Liosta de na comhpháirteanna, arna sainaithint go cuí, lena gcomhdhéantar an córas tosta sceite.

IARSCRIBHINN 2

Sampla de na marcanna ceadaithe

(Féach mír 5.4 den Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe)



a = 8 mm ar a laghad

Léirítear ar an marc ceadaithe thuas atá greamaithe de chomhpháirt córas tosta gur ceadaíodh an cineál córais tosta athsholáthair lena mbaineann san Ísiltír (E4) de bhun Rialachán Uimh. 92 ó na Náisiúin Aontaithe faoi cheadú Uimh. 022439. Tugtar le fios leis an uimhir ceadaithe gur deonaíodh an ceadú i gcomhréir le ceanglais Rialachán Uimh. 92 ó na Náisiúin Aontaithe arna leasú le sraith leasuithe 02.

IARSCRÍBHINN 3

Ceanglais maidir le hábhair ionsúiteacha shnáithíneacha a úsáidtear in NORESS

(Féach mír 6.5 den Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe)

1. Beidh ábhar ionsúite snáithíneach *saor ó aispeist* agus ní fhéadfar é a úsáid i dtógáil tostóirí ach má áirithítear le feistí oiriúnacha go gcoinneofar an t-ábhar ionsúite snáithíneach ina áit ar feadh na tréimhse a bheidh an tostóir á úsáid agus má chomhlíonann sé ceanglais aon cheann de ranna 2, 3, 4 nó 5 de réir rogha an mhonaróra.

2. Nuair a bhainfear an t-ábhar snáithíneach, comhlíonfaidh an leibhéal fuaime ceanglais mhír 6.2 den Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe.

3. Ní fhéadfar an t-ábhar ionsúite snáithíneach a chur sna codanna sin den tostóir trína dtéann na gáis sceite agus comhlíonfaidh sé na ceanglais seo a leanas:

   (a) Déanfar an t-ábhar a théamh ag teocht 650 ± 5 °C ar feadh ceithre huaire an chloig i bhfoirnéis gan laghdú ar mheánfhad, trastomhas nó dlús toirte an tsnáithín;

   (b) I ndiaidh é a théamh ag 650 ± 5 °C ar feadh uair an chloig i bhfoirnéis, coinneofar 98 faoin gcéad ar a laghad den tslat ábhair i gcriathar de mhéid ainmniúil cró 250 µm a chomhlíonann ISO 3310/1 nuair a thástáiltear é i gcomhréir le ISO 2599;

   (c) Ní bheidh an caillteanas i meáchan an ábhair níos mó ná 10.5 faoin gcéad i ndiaidh é a chur ar maos ar feadh 24 uair an chloig ag 90 ± 5 °C i gcomhdhlúthán sintéiseach den chomhdhéanamh seo a leanas:

      (i) 1 N aigéad hidreabrómach (HBr), 10 ml

      (ii) 1 N aigéad sulfarach (H_2SO_4), 10 ml

      (iii) Uisce driogtha chun suas le 1 000 ml a dhéanamh

   Nóta: Déanfar an t-ábhar a ní in uisce driogtha agus a thriomú ar feadh uair a chloig 105 °C sula ndéanfar é a mheá.

4. Sula ndéanfar an córas a thástáil i gcomhréir le mír 6.2. den Rialachán seo na Náisiún Aontaithe, cuirfear i staid normálta é le haghaidh úsáid bóthair ar cheann de na modhanna cóirithe i gcomhréir le agus mar a thuairiscítear i mír 5.1.4. d'Iarscríbhinn 3 de Rialachán Uimh. 9 nó Uimh. 63 ó na Náisiúin Aontaithe nó i mír 1.3. d'Iarscríbhinn 5 de Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe, cibé acu is infheidhme.

5. Ní bhíonn gáis sceite i dteagmháil le hábhair shnáithíneacha agus níl ábhair shnáithíneacha faoi thionchar na n-éagsúlachtaí brú.

IARSCRIBHINN 4

Ráiteas Comhlíontachta i leith na bhForálacha Breise maidir le hAstaíocht Fuaime

(Formáid uasta: A4 (210 x 297 mm))

Tá an ráiteas seo riachtanach le haghaidh sceithchórais tosta athsholáthair neamhbhunaidh (NORESS):

(a) ar a bhfuil ilmhodhanna oibriúcháin inroghnaithe ag an rothaí atá inchoigeartaithe de láimh nó go leictreonach feistithe nó ar a bhfuil geoiméadrachtaí athraitheacha feistithe;

(b) gan ilmhodhanna oibriúcháin inroghnaithe ag an rothaí atá inchoigeartaithe de láimh nó go leictreonach nó gan geoiméadrachtaí athraitheacha a shonraítear lena n-úsáid ar fheithiclí de chatagóir L_3 atá cineálcheadaithe de bhun na leasuithe ar Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe agus atá faoi réir shraith leasuithe ar Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le ceanglais ASEP ([1]).

…… Dearbhaíonn (ainm an mhonaróra) go gcomhlíonann na córais tosta sceite athsholáthair neamhbhunaidh de chineál …… (cineál maidir le hastaíocht fuaime de bhun shraith leasuithe… ([2]) ar Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe) na ceanglais ASEP is infheidhme de Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe le linn an nós imeachta cineálcheadaithe agus a tháirgthe.

…… Déanann (ainm an mhonaróra) an ráiteas seo de mheon macánta, i ndiaidh dó nó di meastóireacht iomchuí a dhéanamh ar fheidhmíocht astaíochta fuaime an chórais tosta sceite athsholáthair neamhbhunaidh i gcomhréir le ceanglais Rialachán Uimh. 92 ó na Náisiúin Aontaithe le linn an nós imeachta cineálcheadaithe agus a tháirgthe.

Dáta: ……

Ainm an ionadaí údaraithe: ……

Síniú an ionadaí údaraithe: ……

([1]) Scrios an pointe urchair nach mbaineann le hábhar.

([2]) Líon isteach an tsraith leasuithe ar Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe, a chuireann an NORESS i bhfeidhm.